Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Aibreán 2022**
**(OR. fr)**

**7760/22**
**ADD 1**

**VETER 25**
**FOOD 20**
**DENLEG 22**
**DELACT 55**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Márta 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 1804 final IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Rialachán Tarmlighte ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 a mhéid a bhaineann le cóid na hAinmníochta Comhcheangailte agus cóid an Chórais Chomhchuibhithe agus coinníollacha allmhairiúcháin táirgí ilchodacha áirithe, lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2122 a mhéid a bhaineann le hearraí áirithe agus peataí éin atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le táirgí ilchodacha atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 1804 final IARSCRÍBHINN.

Faoi iamh: C(2022) 1804 final IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.3.2022
C(2022) 1804 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Rialachán Tarmlighte ón gCoimisiún**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/625 a mhéid a bhaineann le cóid na hAinmníochta Comhcheangailte agus cóid an Chórais Chomhchuibhithe agus coinníollacha allmhairiúcháin táirgí ilchodacha áirithe, lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2122 a mhéid a bhaineann le hearraí áirithe agus peataí éin atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le táirgí ilchodacha atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann**

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2019/2122 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) i gCuid I, pointe 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

'Bainne púdraithe naíonán, bainne foirmle eile do naíonáin agus bia chun críoch speisialta míochaine, faoi na coinníollacha seo a leanas maidir leis na táirgí sin:';

(b) i gCuid I, pointe 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhophointe (iii):

'(iii) nach bhfuil an pacáistiú briste mura bhfuil an pacáiste in úsáid faoi láthair; agus'

(c) i gCuid I, pointe 1, cuirtear an fophointe (iv) seo a leanas isteach i ndiaidh fhophointe (iii):

'(iv) go bhfuil siad ceaptha lena n-úsáid ag na paisinéirí.'

(2) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) leasaítear pointe 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil: 'Cainníochtaí beaga feola agus bainne agus a dtáirgí (seachas bainne púdraithe naíonán, bainne foirmle eile do naíonáin, bia chun críoch speisialta míochaine agus bia peataí atá riachtanach ar mhaithe le cúiseanna sláinte)

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása i ndiaidh an teidil: 'Maidir le coinsíneachtaí pearsanta feola agus bainne agus a dtáirgí (seachas bainne púdraithe naíonán, bainne foirmle eile do naíonáin, bia chun críoch speisialta míochaine agus bia peataí atá riachtanach ar mhaithe le cúiseanna sláinte), ní fhéadfaidh tú iad a thabhairt isteach san Aontas nó iad a chur chuig an Aontas ach ar choinníoll go dtagann siad ó Oileáin Fharó nó ón nGraonlainn, agus nach bhfuil a meáchan níos mó ná **10 kg** in aghaidh an duine.'

(b) leasaítear pointe 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil: 'Bainne púdraithe naíonán, bainne foirmle eile do naíonáin agus bia chun críoch speisialta míochaine';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

'Maidir le coinsíneachtaí pearsanta de bhainne púdraithe naíonán, de bhainne foirmle eile do naíonáin, agus de bhia chun críoch speisialta míochaine, ní fhéadfaidh tú iad a thabhairt isteach san Aontas ach ar na coinníollacha seo a leanas:';

(c) i bpointe 3, 'Bia peataí atá riachtanach ar mhaithe le cúiseanna sláinte', cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

'Maidir le coinsíneachtaí pearsanta de bhia peataí atá riachtanach ar chúiseanna a bhaineann le sláinte an pheata atá ag tionlacan an phaisinéara, ní fhéadfaidh tú iad a thabhairt isteach san Aontas ach ar na coinníollacha seo a leanas:'.